Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2026**
**(OR. en, de, pt)**

**11389/26**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2013/0072(COD)**

**AVIATION 110**
**CONSOM 224**
**CODEC 1372**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás ina ndiúltaítear cead bordála dóibh nó i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó ina gcuirfear moill fhada orthu agus Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer **(an tríú léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**D'iarr an Laitvia go gcuirfí na ráitis seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Tacaíonn an Laitvia go hiomlán leis an gcuspóir ardleibhéal cosanta do phaisinéirí a áirithiú agus is díol sásaimh di na hiarrachtaí suntasacha a rinneadh chun teacht ar chomhréiteach cothrom maidir leis an togra seo.

Ag an am céanna, is cúis imní don Laitvia i gcónaí go bhféadfadh gnéithe áirithe den téacs a comhaontaíodh ualaí díréireacha airgeadais agus riaracháin a chruthú d'aeriompróirí, rud a bhféadfadh iarmhairtí a bheith aige ar phraghsanna ticéad agus ar nascacht aeir. Tá na hábhair imní sin ábhartha go háirithe do Bhallstáit fhorimeallacha amhail an Laitvia, áit a bhfuil ról ríthábhachtach ag an eitlíocht maidir le soghluaisteacht, forbairt eacnamaíoch agus comhtháthú críochach a áirithiú.

Tugann an Laitvia dá haire freisin, agus is cúis imní di, deireadh a chur le forálacha lena soláthrófaí deimhneacht dhlíthiúil níos fearr maidir le cinntí oibríochtúla a dhéantar ar mhaithe le sábháilteacht eitlíochta agus tá sí faichilleach i gcónaí maidir le tionchar carnach na n-oibleagáidí nua ar nascacht réigiúnach i dtimpeallacht eacnamaíoch agus gheopholaitiúil atá dúshlánach cheana féin.

Cé go n-aithníonn an Laitvia an dul chun cinn foriomlán a rinneadh sa chaibidlíocht agus go dtacaíonn sí leis an gcuspóir cearta paisinéirí a neartú, measann sí nach bhfuil toradh sách cothrom ar an togra comhréitigh atá ann faoi láthair idir cosaint paisinéirí agus nascacht aeir.

Ar na cúiseanna sin, ní féidir leis an Laitvia tacú leis an togra comhréitigh atá beartaithe. Mar sin féin, tá an Laitvia tiomanta i gcónaí do rannpháirtíocht chuiditheach sna hiarrachtaí a dhéanfar amach anseo chun cearta láidre paisinéirí agus aernascacht inbhuanaithe araon a áirithiú ar fud an Aontais Eorpaigh.

**D'iarr an Ostair go gcuirfí na ráitis seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

I gcás na hOstaire, tá sé tábhachtach a áirithiú go ndéanfar athbhreithniú cothrom ar Rialachán (CE) Uimh. 261/2004 (an Rialachán maidir le Cearta Aerphaisinéirí) lena ráthaítear ardleibhéal cosanta do thomhaltóirí agus inmharthanacht eacnamaíoch agus iomaíochas thionscal eitlíochta na hEorpa araon.

Dá bhrí sin, tacaíonn an Ostair le bunchuspóirí an togra ón gCoimisiún Eorpach chun athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le Cearta Aerphaisinéirí.

Ba cheart a thabhairt faoi deara, dar leis an Ostair, go dtagann meath ar sheasamh dlíthiúil reatha na bpaisinéirí i roinnt príomhréimsí mar thoradh ar an téacs comhréitigh.

Ar deireadh, cuireann an Ostair in iúl go n-ardaíonn an téacs go leor ceisteanna nua maidir le léirmhíniú.

Staonann an Ostair dá bhrí sin.

**D'iarr an Phortaingéil go gcuirfí na ráitis seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Gabhann an Phortaingéil buíochas le hUachtaránacht na Cipire agus lena réamhtheachtaithe as an obair a rinne siad chun an t-athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Cearta Aerphaisinéirí a chaibidliú agus as an teagmháil a bhí acu le Parlaimint na hEorpa.

D'áitigh an Phortaingéil i gcónaí gur cheart, le haon athbhreithniú ar an Rialachán, ní hamháin go mbeadh sé níos simplí cearta aerphaisinéirí a chur chun feidhme, ach cearta aerphaisinéirí a chaomhnú agus/nó a neartú freisin, ionas go leanfaidh paisinéirí de thairbhe a bhaint as cosaint lena leagtar síos an caighdeán do réigiúin eile den domhan.

Ag deireadh an phróisis fhada caibidlíochta sin, bheimis ag súil le hathbhreithniú níos uaillmhianaí maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin a shimpliú, cothromaíocht níos fabhraí a bhaint amach idir a chuspóir agus a indéantacht, agus freagrachtaí gach ceann de na geallsealbhóirí eitlíochta a shainaithint agus a dháileadh ar bhealach níos fearr, d'fhonn aeriompar atá inbhuanaithe i ndáiríre a áirithiú.

Áitímid gur cheart cásanna áirithe a aicmiú cheana féin mar imthosca urghnácha, eadhon bás nó breoiteacht thobann na mball foirne agus iad as an mbunáit, easnaimh sábháilteachta, ciorruithe forleathana cumhachta ag aerfoirt, agus cur isteach níos minice ar ladrainn ag aerfoirt. Is oth linn nach bhfuil na gnéithe sin san áireamh sa chomhaontú.

Mar sin féin, de mheon comhréitigh agus ag aithint dheacracht na caibidlíochta, tá an Phortaingéil ag vótáil i bhfabhar an togra ionas gur féidir le gnéithe dearfacha an athbhreithnithe teacht i bhfeidhm agus an córas cosanta do chearta paisinéirí a fheabhsú.

Iarraimid go ndéanfaí iarrachtaí laistigh d'institiúidí iltaobhacha chun a áirithiú gur féidir an córas cosanta paisinéirí sin a leathnú ar fud an domhain, agus ar an gcaoi sin cothrom iomaíochta a chruthú idir aerlínte an Aontais agus iompróirí ó réigiúin eile, chun tairbhe na heitlíochta domhanda.